An Coimisiún Eorpach



# Cothromaíocht oibre is saoil do chách:

## Céard iad na buntáistí?

*Eoraip Shóisialta*



# Saoránaigh


“Ghlac mé tréimhse 7 mí saoire thuismitheoireachta. D’éirigh liom go leor ama a chaitheamh lenár n iníon agus bhí mo bhean chéile in ann filleadh ar an obair níos túisce agus leanúint ar aghaidh lena gairm.”

Mateusz Hanslik, máinlia ortaipéideach 36 bliana d’aois a bhfuil triúr clainne air, an Pholainn

Cuireann an tionscnamh cothromaíochta oibre is saoil cearta gach saoránach chun cinn maidir le socruithe oiriúnacha saoire agus solúbtha oibre.

**Spreagfaidh sé seo comhroinnt chothrom d’fhreagrachtaí cúraim idir fhir agus mhná, rud a rachaidh chun tairbhe saoránach ar na bealaí seo a leanas:**

- cabhrú le hoibrithe — idir fhir agus mhná — cothromaíocht a chinntiú idir a bhfreagrachtaí oibre agus cúraim;
- a chinntiú go bhfuil an deis ag fir, agus ag mná, am a chaitheamh ag tabhairt aire do dhaoine muinteartha;
- fáil réidh le bacainní ar fhorbairt gairme na mban agus ar rannpháirtíocht na mban sa mhargadh fostaíochta;
- an neamhchosaint atá ag mná ó bhaol na bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta a laghdú;
- comhdheiseanna a chur chun cinn;
- deis a thabhairt d’oibrithe a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu leanúint ar aghaidh ag obair;
- tacú le sláinte choirp agus le meabhairshláinte agus le folláine cúramóirí.



# Fostóirí

*"Trí chúram leanaí a chur ar fáil ar an láthair d'fhostaithe ospidéil tugadh an deis do thuismitheoirí filleadh ar an obair rud a chabhraigh siad leis an nganntanas foirne a laghdú, go háirithe le haghaidh altraí."*

Zuzana Janoušková, Príomhoide bainistíochta, Naíscoil do leanaí foirne in Ospidéal Ginearálta Ollscoile Phrág, Poblacht na Seice

Ní hamháin go dtacóidh an tionscnamh cothromaíochta oibre is saoil le saoránaigh, ach bainfidh gnólachtaí tairbhe as freisin.

**Rachaidh cur chun cinn chomhroinnt chothrom d'fhreagrachtaí cúraim idir fhir agus mhná chun tairbhe d'fhostóirí ar na bealaí seo a leanas:**

- méadófar éagsúlacht an lucht oibre agus cuirfear leis an líon daoine ardoilte a bheidh ar fáil;
- cabhrófar le hoibrithe ardoilte agus cumasacha a choinneáil sa mhargadh fostaíochta, oibrithe a d'fhéadfadh an margadh fostaíochta a fhágáil murach an tionscnamh;
- feabhsófar táirgiúlacht, inspreagadh agus dul chun cinn gairme fostaithe;
- laghdófar neamhláithreacht ón obair agus na costais a bhaineann le baill foirne ionadaíocha a cheapadh.



# Tíortha AE

“[Trí oiliúint a sholáthar maidir le socruithe solúbtha oibre, socrúcháin oibre agus éagsúlacht inscne], bhí an tionscadal ina spreagadh d’fhostóirí agus do bhardasachtaí bearta a thacaíonn le teaghlaigh a chur chun feidhme san ionad oibre.”

Rasmina Čepkauskïenė, Stiúrthóir Ionad Faisnéise um Fhostaíocht na mBan Kaunas, an Liotuáin

Beidh an tionscnamh cothromaíochta oibre is saoil ina spreagadh chun dea-chleachtas a mhalartú ar fud an AE agus chun tacú le beartais a cheapadh ar leibhéal náisiúnta.

**Bainfidh Tíortha AE tairbhe as an mbeartas seo a thabhairt isteach, beartas a chuireann comhroinnt chothrom d’fhreagrachtaí cúraim idir fhir agus mhná chun cinn ar na bealaí seo a leanas:**

- rátaí fostaíochta a mhéadú;
- cabhrú le déileáil le lucht oibre atá ag dul in aois agus atá ag laghdú;
- an caiteachas ar shochair dífhostaíochta agus ar chúram sláinte a laghdú (a bhuí le lucht oibre níos sláintiúla);
- agus i ndeireadh na dála, OTI, ioncam, ioncam cánach agus tomhaltas a mhéadú



# I dtreo comhroinnt chothrom an chúraim

## Tionscnamh cothromaíochta oibre is saoil an Choimisiúin Eorpaigh: Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí a bhíonn ag obair taobh amuigh den bhaile agus do chúramóirí ar fud an AE

Tá freagrachtaí cúraim san AE fós á gcomhroinnt go míchothrom i measc na mban agus na bhfear, rud a chiallaíonn gur dócha go bhfuil níos lú ná 18 % de mhná in aois oibre i bpoist lánaimseartha i gcomparáid leis na bhfear. Leis an neamhionannas seo, tá costas de €370 billiún á chur ar an Aontas gach bliain agus deacrachtaí ag mná dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh gairme de. Is é an toradh a bhíonn ar bhearnaí suntasacha fostaíochta, pá agus pinsin ná go gcuirtear mná i mbaol níos airde bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta.

Tríd an **tionscnamh cothromaíochta oibre is saoil**, tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún dul i ngleic leis na saincheisteanna seo trí chomhroinnt chothrom d'fhreagrachtaí cúraim idir fhir agus mhná a chur chun cinn. Moltar sa tionscnamh na nithe seo:

- caighdeáin íosta nua, nó níos airde le haghaidh saoire thuismitheoireachta, saoire atharthachta agus saoire cúramóirí;
- socruithe solúbtha oibre do thuismitheoirí agus cúramóirí;
- forfheidhmiú níos fearr maidir le cearta AE atá ann cheana, maoiniú AE do sheirbhísí cúraim, malartú dea-chleachtas, agus sonraí feabhsaithe ag leibhéal AE.

## An raibh a fhios agat?

**Tá níos lú ná dhá thrian de mhná** idir 20 bhliain agus 64 bliana d'aois ar fud an AE i mbun fostaíochta, i gcomparáid le **breis is trí cheathrú d'fhir**.

Chomh maith leis sin, caitheann mná **22 uair an chloig in aghaidh na seachtaine** ar an meán i mbun oibre agus cúraim gan phá — i gcomparáid le níos ná **10 n uair an chloig** i gcás na bhfear — agus tá a **cheithre oiread níos mó seans ann** go mbeidh mná i mbun obair pháirtaimseartha i gcomparáid le fir.

De dheasca na difríochtaí seo tá an bhearna phá idir na hinscní cothrom le tuairim is **16 %** ar an meán san AE faoi láthair, agus tá an bhearna phinsin idir na hinscní chomh hard le **40 %**.

## Tuilleadh eolais

### Tabhairt cuairt ar:

https://europa.eu/!dt48jH

### Bí linn ar na meáin shóisialta

ec.europa.eu/social

Social Europe

@EU_social

© An tAontas Eorpach, 2019
Íomhánna © Shutterstock
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019
Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.

Print: ISBN 978-92-79-96886-0 doi: 10.2767/795032 KE-06-18-258-GA-C
PDF: ISBN 978-92-79-96897-6 doi: 10.2767/9032 KE-06-18-258-GA-N

Oifig na bhFoilseachán